# Tuarascáil achomair ar chomhairliúchán spriocdhírithe le daoine uathacha neamhlabhartha agus ar bheagán cainte ar an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas

Lúnasa 2024

Údar

Teresa Gadd

ACE Communication Ireland

Ba í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn), a choimisiúnaigh an tuarascáil seo agus ba é ACE Communication Ireland a chuir an tuarascáil i dtoll a chéile. Is é ACE Communication Ireland atá freagrach as an gcomhairliúchán (lena n-áirítear aon earráid nó easnamh). Is ionann na dearcthaí agus na tuairimí atá le fáil sa tuarascáil seo agus dearcthaí agus tuairimí na rannpháirtithe agus ní gá gurb ionann iad agus dearcthaí na Roinne nó ACE Communication.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na daoine aonair a ghlac páirt sna hagallaimh. Is mian linn buíochas a ghabháil leo as a gcuid ama agus dearcthaí a roinnt linn. Is mian linn buíochas a ghabháil leis na soláthraithe seirbhíse, teaghlaigh agus baill teaghlaigh a thacaigh linn leis an gcomhairliúchán seo. Ar deireadh, is mian linn buíochas a ghabháil leis an Roinn as treoir a chur ar fáil i rith an phróisis.

# Clár na nÁbhar


Tuarascáil achomair ar chomhairliúchán spriocdhírithe le daoine uathacha neamhlabhartha agus ar bheagán cainte ar an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas ..... 0

Bealtaine 2024 ..... 0

Clár na nÁbhar ..... 2

Achoimre fheidhmeach ..... 3

Réamhrá ..... 3

Modheolaíocht ..... 3

Na gníomhartha is tábhachtaí sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas ..... 5

Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de ..... 6

Colún 2: Cothroime rochtana ar sheirbhísí poiblí ..... 6

Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha ..... 6

Colún 4: Fothú acmhainneachta agus féinabhcóideachta ..... 7

An méid ba cheart a bheith ar eolas ag an bpobal faoi uathachas ..... 7

Conclúid ..... 7

1. Réamhrá ..... 7

2. Modheolaíocht ..... 9

2.1 Earcaíocht ..... 9

2.2 Méid an tsampla agus próifíl na rannpháirtithe ..... 9

2.3. Toiliú ..... 10

2.4. Faisnéis a bhailiú ..... 11

3. Na gníomhartha is tábhachtaí sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas ..... 13

3.1 Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de ..... 13

3.2. Colún 2: Cothroime rochtana ar sheirbhísí poiblí ..... 14

3.3. Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha ..... 19

3.4. Colún 4: Fothú acmhainneachta agus féinabhcóideachta ..... 20

3.5. Gníomhartha tosaíochta ..... 20

4. An méid ba cheart a bheith ar eolas ag an bpobal faoi uathachas ..... 23

5. Conclúid ..... 26

6. Aguisíní ..... 27

Aguisín 1 – Foirm um léiriú spéise ..... 27

Aguisín 2 – Bileog faisnéise sholéite ..... 28

Aguisín 3 – Bileog faisnéise i mBéarla simplí ..... 30

Aguisín 4 – Creat Cainte samplach ..... 32

# Achoimre fheidhmeach

## Réamhrá

Tá forbairt straitéise nua maidir le huathachas á comhordú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn), an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí tosaigh faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas idir Aibreán agus Bealtaine 2022 chun bonn eolais a chur ar fáil d'ullmhú dréacht tosaigh na Straitéise. Foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh anailís ar na haighneachtaí i mí Aibreáin 2023.

Foilsíodh an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas i mí Feabhra 2024. Chomh maith leis sin, foilsíodh leagan soléite den Dréachtstraitéis. I mí Feabhra 2024, cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin chun deis a thabhairt don phobal uathach agus dá dtacadóirí deis eile a bheith acu a dtuairimí faoin Straitéis a roinnt sula gcuirtear i gcrích í agus sula seoltar í.

Mar chuid den dara comhairliúchán, choimisiúnaigh an Roinn ACE Communication chun comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara spriocdhírithe agus le grúpaí nach gcloistear a gcuid tuairimí go minic. Chuir na comhairliúcháin seo le páirtithe leasmhara spriocdhírithe le comhairliúchán poiblí níos ginearálta a rinneadh trí shuirbhé ar líne agus aighneachtaí scríofa.

Déantar cur síos sa tuarascáil achomair seo ar thorthaí comhairliúcháin spriocdhírithe le daoine uathacha neamhlabhartha nó ar bheagán cainte. Cuirfidh na torthaí ón gcomhairliúchán seo agus ón gcomhairliúchán ginearálta bonn eolais ar fáil don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM), Airí agus Ranna Rialtais, Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas, soláthraithe seirbhíse, pobal na ndaoine faoi mhíchumas, comhlachtaí poiblí agus soláthraithe seirbhíse poiblí eile spéis san eolas faoi dhúshláin agus tosaíochtaí daoine uathacha neamhlabhartha agus daoine ar bheagán cainte.

## Modheolaíocht

Bailíodh faisnéis don chomhairliúchán seo trí agallaimh aonair agus trí aighneachtaí scríofa. D'oibrigh foireann an chomhairliúcháin leis an Roinn chun rannpháirtithe a earcú. Ullmhaíodh ábhair faisnéise i bhformáidí soléite agus i mBéarla simplí (Aguisín 1, 2, 3).

Tugadh deis do dhaoine aonair páirt a ghlacadh in agallamh aghaidh ar aghaidh, páirt a ghlacadh in agallamh ar líne nó a gcuid freagraí a scríobh i dteimpléad scríofa.

Reáchtáladh na hagallaimh ag amanna agus in ionaid a bhí oiriúnach do gach duine aonair. Bhí cead ag na rannpháirtithe a gcuid freagraí a chló, a scríobh nó a tharraingt ar an teimpléad scríofa.

Reáchtáladh sé agallamh aonair ar fad. Ghlac ceathrar fear agus beirt bhan, idir 18 agus 65 bliain d'aois, páirt sa chomhairliúchán. Ba as Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Maigh Eo agus Cill Mhantáin iad na rannpháirtithe. Daoine neamhlabhartha ba ea triúr acu agus daoine ar bheagán cainte ba ea triúr acu. Bhí cuid de na rannpháirtithe faoi mhíchumas intleachta freisin.

Tacaíodh leis na rannpháirtithe chun a ndearcthaí a chur in iúl agus chun a n-eispéiris a roinnt trí úsáid a bhaint as roinnt cur chuige difriúil, lena n-áirítear:

- Creat Cainte[1] a úsáid chun na gníomhartha is tábhachtaí dóibh a léiriú (Tá Creat Cainte samplach le fáil in Aguisín 4)
- A bplean duinelárnach a roinnt[2] ina bhfuil a gcuid brionglóidí, mianta agus cuspóirí le fáil
- A bpas cumarsáide a roinnt[3] ina bhfuil faisnéis faoi na hábhair a bhfuil suim acu iontu, sainroghanna agus riachtanais thacaíochta chumarsáide
- Úsáid a bhaint as tacaíochtaí físiúla cosúil le grianghraif, siombailí agus líníochtaí
- Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (CBM) a úsáid: mar shampla, tacaíochtaí físiúla cosúil le grianghraif agus siombailí, an teanga chomharthaíochta ar a dtugtar Lámh nó gléasanna cumarsáide
- Teimpléad scríofa a úsáid chun ceisteanna an chomhairliúcháin a fhreagairt
- Cabhair a fháil ó bhaill teaghlaigh agus foirne.

Chloígh an fhoireann comhairliúcháin le dea-chleachtas nuair a bhíothas i mbun comhairle le daoine uathacha agus le daoine faoi mhíchumas intleachta, agus tugadh aird ar chaighdeáin eiticiúla. Glacadh le toiliú chun páirt a ghlacadh mar phróiseas leanúnach.

[1] Is creat cumarsáide físiúil é Creat Cainte a thacaíonn le daoine a gcuid mothúchán agus dearcthaí a chur in iúl: tá tuilleadh faisnéise le fáil ag www.talkingmats.com.
[2] Tacaíonn agus cumasaíonn pleanáil dhuinelárnach duine chun roghanna eolasacha a dhéanamh faoin tslí is mian leis nó léi a s(h)aol a chaitheamh, anois agus amach anseo. Tacaíonn pleanáil dhuinelárnach le duine a c(h)uid brionglóidí, mianta agus cuspóirí a shainaithint, mar aon leis an méid atá riachtanach chun é sin a dhéanamh (FSS, 2018).
[3] Is bealach praiticiúil agus duinelárnach é pas cumarsáide chun príomhfhaisnéis maidir le daoine a bhfuil riachtanais chumarsáide dhifriúla acu agus nach bhfuil in ann labhairt ar a son féin go héasca a roinnt.

D'fhorbair an fhoireann comhairliúcháin treoir topaicí do na hagallaimh i gcomhpháirt leis an Roinn. Bhí sé seo bunaithe ar na téamaí agus ceisteanna ginearálta a tháinig chun cinn sa suirbhé ar líne. Bhí an treoir topaicí in úsáid mar chreat don phlé. Seo a leanas na príomhcheisteanna a bhí le freagairt:

- Céard í do thuairim faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas?
- Céard iad na réimsí faoin Straitéis a mbaineann tábhacht leo i do shaol laethúil?
- Céard iad na trí ghníomhaíocht is tábhachtaí i do chás féin?
- Céard iad na dúshláin nó na bacainní atá ag cur isteach ortsa mar dhuine uathach in Éirinn?
- Céard iad na dúshláin nó na bacainní atá ag cur isteach ortsa mar dhuine uathach neamhlabhartha nó ar bheagán cainte in Éirinn?
- Céard a shíleann tú ba cheart a bheith ar eolas ag daoine faoi uathachas?
- Céard iad na trí theachtaireacht ar mhaith leat a bheith san áireamh i bhfeachtas poiblí faoi uathachas?

Cuireadh na ceisteanna in oiriúint do gach duine aonair. Stóráladh na sonraí a bailíodh go slán agus de réir na mbeartas cosanta agus stórála sonraí.

### Na gníomhartha is tábhachtaí sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas

Tá ceithre cholún sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas. Eagraíodh an fhaisnéis a bailíodh faoi gach ceann de na colúin seo.

Téama a tháinig chun cinn go minic i rith na n-agallamh ná an tábhacht a bhain le héisteacht le daoine uathacha agus lena dteaghlaigh. Tharraing rannpháirtí amháin aird ar an tábhacht a bhain le héisteacht le dearcthaí daoine uathacha neamhlabhartha nó ar bheagán cainte:

> "Tá neamhaird á tabhairt do, dearmad á dhéanamh ar, neamhshuim á déanamh de dhaoine neamhlabhartha le tréimhse rófhada agus níltear fiú ag dul i gcomhairle leo maidir le go leor gnéithe dá saol laethúil, na cineálacha tacaíochtaí a theastaíonn uathu chun barr a gcumais a bhaint amach, mar shampla, agus a bpleananna agus mianta don todhchaí."

Chuir rannpháirtithe an chomhairliúcháin seo in iúl gur bhain tábhacht ar leith leis na gníomhartha i gColún 2 (Cothroime rochtana ar sheirbhísí poiblí) agus i gColún 4 (Fothú acmhainneachta agus féinabhcóideachta). Faoi gach colún, shainaithin rannpháirtithe na ngníomhartha seo a leanas mar ghníomhartha a bhí tábhachtach dar leo:

### Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

- Forbróimid feachtas chun cabhrú leis an bpobal uathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha chun an feachtas seo a dhearadh.
- Tacóimid le clár oiliúna uathachais do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha. Beidh an clár oiliúna seo dírithe ar bhaill foirne atá ag obair d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus in eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta.
- Táimid ag iarraidh go mbeidh seirbhísí poiblí oiriúnach do dhaoine uathacha. Forbróimid cúrsa ríomhfhoghlama nua chun cabhrú le baill foirne san earnáil phoiblí foghlaim faoi uathachas agus míchumas eile.

### Colún 2: Cothroime rochtana ar sheirbhísí poiblí

- Taispeánfaimid gur cuid den Dearadh Uilíoch iad riachtanais daoine uathacha.
- Tacóimid le pleananna d'áiteanna foghlama ina gcuirtear fáilte roimh gach duine agus ina bhfuil gach duine á chur san áireamh.
- Díreoimid ar thacaíochtaí do dhaoine uathacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais.
- Tacóimid le daoine uathacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.
- Leanfaimid lenár bplean do rochtain níos fearr ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a rolladh amach. Cinnteoimid go mbeidh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas níos duinelárnaí.
- Tacóimid le leanaí agus le daoine fásta uathacha chun na seirbhísí meabhairshláinte cearta a fháil.
- Cuirfimid obair i gcrích chun tacaíochtaí teiripe níos fearr a chur ar fáil do leanaí uathacha.
- Cinnteoimid go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil soiléir agus inrochtana, mar shampla faisnéis faoi sheirbhísí agus faoi thacaíochtaí uathachais.
- Beidh gníomhartha forbartha againn chun a chinntiú gur féidir le daoine uathacha cineálacha éagsúla modhanna iompair a úsáid.

### Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

- Táimid ag iarraidh go mbeidh ionaid chultúrtha inrochtana agus oiriúnach do dhaoine uathacha, mar shampla músaeim agus dánlanna.
- Tacóimid le daoine uathacha chun leabharlanna poiblí a úsáid. Cuirfimid riachtanais daoine uathacha san áireamh nuair a bheidh leabharlanna poiblí á ndearadh againn.
- Cinnteoimid go mbeidh tacaíocht ar fáil do dhaoine uathacha agus go mbeidh deis acu páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt.

### Colún 4: Fothú acmhainneachta agus féinabhcóideachta

- Déanfaimid taighde ar na bealaí is fearr chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil do dhaoine uathacha nach bhfuil ar a gcumas labhairt le daoine eile.
- Déanfaimid taighde i dteannta le daoine uathacha chun féachaint ar sheirbhísí do dhaoine a dteastaíonn tacaíochtaí éigeandála agus seirbhísí faoisimh uathu.

### An méid ba cheart a bheith ar eolas ag an bpobal faoi uathachas

Dhírigh na rannpháirtithe a ghlac páirt sa ghné seo den chomhairliúchán ar phríomhtheachtaireachtaí a tharraingeodh aird ar uathachas, a chuirfeadh glacadh chun tosaigh, a thacódh le daoine uathacha idirghníomhú le níos mó daoine, a neamhspleáchas a mhéadú, agus iad a éascú chun níos mó tairbhe a bhaint as na gníomhaíochtaí a thaitníonn leo ina bpobail féin. Chabhraigh a dtacadóirí leo chun a gcuid cuspóirí, sainroghanna, eispéireas, agus an fhaisnéis ina bpróifílí pearsanta, a aistriú go dtí teachtaireachtaí aonair a d'fhéadfaí a úsáid mar chuid d'fheachtas poiblí.

### Conclúid

Tá sé fíorthábhachtach daoine aonair a dhéanann cumarsáid ar bhealaí difriúla a chur san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, chun é seo a dhéanamh ar bhealach fiúntach, nach mór go mbeadh an cur chuige agus an t-amfráma solúbtha chun a chinntiú gur féidir le gach duine páirt iomlán a ghlacadh ann agus go mbíonn eispéireas gach duine dearfach.

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh an deis páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Bhí taithí theoranta, nó ní raibh taithí ar bith acu, ar pháirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin chosúla ach bhí fonn orthu a gcuid eispéireas a roinnt chun bonn eolais a chur ar fáil don Straitéis. Ghlac siad páirt ghníomhach sna cuir chuige a thacaigh leo é seo a dhéanamh, roinn siad dearcthaí agus tuairimí luachmhara.

## 1. Réamhrá

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn) freagrach as beartas agus reachtaíocht a bhaineann le comhionannas míchumais a fhorbairt. Le fáil i *gClár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile* tá gealltanas maidir le gníomh a bhaineann le huathachas. Tá an Roinn ag comhordú fhorbairt na straitéise náisiúnta nua maidir le huathachas, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Is é an aidhm atá leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas ná díriú ar na dúshláin agus ar na bacainní ar leith a mbíonn ar dhaoine uathacha déileáil leo, agus an tuiscint agus an bealach a bhfreastalaítear ar uathachas sa tsochaí agus ar fud na hearnála poiblí a fheabhsú. Cuimsítear sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas gníomhartha a chuirfear i gcrích ar fud an rialtais chun tacú ar bhealach níos fearr le daoine uathacha

agus lena dteaghlaigh thar thréimhse 18 mhí. Cuirfidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le agus feabhsóidh sí na hiarrachtaí athchóirithe níos leithne atá á ndéanamh trí dhíriú ar réimsí ina mbíonn ar dhaoine uathacha déileáil le dúshláin níos uathúla.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí tosaigh faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas idir Aibreán agus Bealtaine 2022 chun bonn eolais a chur ar fáil do dhréacht tosaigh na Straitéise. Foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh anailís ar na haighneachtaí i mí Aibreáin 2023.

Foilsíodh an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas i mí Feabhra 2024. Chomh maith leis sin, foilsíodh leagan soléite den Dréachtstraitéis. I mí Feabhra 2024, cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin chun deis a thabhairt don phobal uathach agus dá dtacadóirí deis eile a bheith acu a dtuairimí faoin Straitéis a roinnt sula gcuirtear i gcrích í agus sula seoltar í.

Mar chuid den dara comhairliúchán, choimisiúnaigh an Roinn ACE Communication chun comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara spriocdhírithe agus le grúpaí nach gcloistear a gcuid tuairimí go minic, mar aitheantas ar riachtanais agus dearcthaí sonracha cohórt difriúil agus an gá a bhí ann a chinntiú gur ghlac an oiread grúpaí agus ab fhéidir páirt sa chomhairliúchán. Chuir na comhairliúcháin seo le páirtithe leasmhara spriocdhírithe le comhairliúchán poiblí níos ginearálta a rinneadh trí shuirbhé agus aighneachtaí scríofa.

Déantar cur síos sa tuarascáil achomair seo ar thorthaí an chomhairliúcháin spriocdhírithe le daoine uathacha neamhlabhartha nó ar bheagán cainte. Deis ba ea an comhairliúchán seo do sheisear daoine aonair labhairt faoina dtaithí saoil, labhairt faoi na bacainní agus dúshláin a bhíonn le sárú acu, gníomhartha ón Dréachtstraitéis atá tábhachtach ina saol féin a shainaithint, agus smaointe a roinnt maidir saol daoine uathacha in Éirinn a fheabhsú. Cuirfidh na torthaí ón gcomhairliúchán spriocdhírithe seo agus ón gcomhairliúchán ginearálta bonn eolais ar fáil chun an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a chríochnú.

Cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM), Airí agus Ranna Rialtais, Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas, soláthraithe seirbhíse, pobal na ndaoine faoi mhíchumas, comhlachtaí poiblí agus soláthraithe seirbhíse poiblí eile spéis san eolas faoi dhúshláin agus tosaíochtaí daoine uathacha neamhlabhartha agus daoine ar bheagán cainte.

# 2. Modheolaíocht

## 2.1 Earcaíocht

Bailíodh faisnéis don chomhairliúchán seo trí agallaimh aonair agus trí aighneachtaí scríofa. D'oibrigh foireann an chomhairliúcháin leis an Roinn chun rannpháirtithe a earcú. Go comhoibríoch, rinneadh teagmháil le roinnt soláthraithe seirbhíse agus tuismitheoirí chun nádúr an chomhairliúcháin a mhíniú agus chun a dtacaíocht a lorg.

D'oibrigh foireann an chomhairliúcháin le grúpa beag saineolaithe a raibh taithí saoil acu chun bileog eolais a fhorbairt i bhformáid sholéite agus i mBéarla simplí, mar aon le foirm um léiriú spéise (Aguisín 1, 2, 3).

Más gá, thacaigh baill foirne nó baill teaghlaigh leis an duine chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis an chomhairliúcháin agus chun a f(h)oirm um léiriú spéise a líonadh. Roinneadh sonraí faoi na hagallaimh le gach duine trí bhaill foirne nó tuismitheoirí. Reáchtáladh na hagallaimh ag amanna agus in ionaid a bhí oiriúnach do gach duine aonair. Seoladh teimpléad trí ríomhphost chuig na daoine a bhí ag iarraidh freagra a chur ar fáil trí aighneacht scríofa.

## 2.2 Méid an tsampla agus próifíl na rannpháirtithe

Chomhaontaigh an Roinn agus ACE Communication úsáid a bhaint as méid sampla de chúigear nó seisear daoine uathacha ag tús an chomhairliúcháin spriocdhírithe seo. Ba é an aidhm ná daoine aonair d'aoiseanna difriúla a chur san áireamh, daoine a bhí ina gcónaí i suíomhanna tuaithe agus i suíomhanna uirbeacha.

Tríd is tríd, ghlac seisear daoine páirt sa chomhairliúchán. Reáchtáladh ceithre agallamh aghaidh ar aghaidh agus agallamh amháin ar líne. Sheol rannpháirtí amháin aighneacht scríofa. Ba as Baile Átha Cliath, Dún na nGall, Cill Mhantáin agus Maigh Eo iad na rannpháirtithe. Daoine neamhlabhartha ba ea triúr acu agus daoine ar bheagán cainte ba ea triúr acu. Bhí cuid de na rannpháirtithe faoi mhíchumas intleachta freisin. Bhí ceathrar ina gcónaí sa bhaile lena dteaghlach agus bhí beirt ina gcónaí i dtithe pobail cónaithe.

Tá eolas maidir le haois agus inscne na rannpháirtithe le fáil i dTábla 2.1 thíos.

**Tábla 2.1 Aoisraon na rannpháirtithe**

| Aoisraon | Fireann | Baineann | Líon iomlán na rannpháirtithe |
|---|---|---|---|
| 18–30 bliain | 2 | 1 | **3** |
| 31–50 bliain | 1 | 0 | **1** |
| 50+ bliain | 1 | 1 | **2** |
| **Iomlán** | **4** | **2** | **6** |

## 2.3. Toiliú

Chloígh an fhoireann comhairliúcháin le dea-chleachtas nuair a bhíothas i mbun comhairle le daoine uathacha agus le daoine faoi mhíchumas intleachta, agus tugadh aird ar chaighdeáin eiticiúla.

Dearadh na hábhair faisnéise faoin bpróiseas comhairliúcháin chun tacú leis na rannpháirtithe leis an méid seo a leanas:

- Aidhm an chomhairliúcháin a thuiscint
- Príomhfhaisnéis faoin agallamh nó aighneacht scríofa a thuiscint
- A thuiscint go raibh rogha acu páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán
- Tuiscint go bhféadfaidís a n-intinn a athrú am ar bith.

Tugadh deis do na daoine aonair, agus dá dtacadóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis an chomhairliúcháin, ceisteanna a chur agus teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhéascaitheoir roimh an t-agallamh. Glacadh le toiliú chun páirt a ghlacadh mar phróiseas leanúnach. Threoraigh breathnóireachtaí an éascaitheora ar chumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha gach duine, mar aon le breathnóireachtaí na mball foirne a bhí i láthair, an fhoireann maidir le toiliú an duine chun páirt a ghlacadh.

Bhí foireann an chomhairliúcháin agus foireann na Roinne airdeallach ón tús ar an ngá a bhí le hamfráma agus cur chuige solúbtha chun a chinntiú go bhféadfadh an fhoireann tacú le daoine aonair neamhlabhartha nó ar bheagán cainte chun páirt fhiúntach a ghlacadh sa phróiseas. Má bhí aon amhras faoi thoiliú an duine páirt a ghlacadh sa phróiseas, níor cuireadh an duine sin san áireamh sa phróiseas. Ainmníodh triúr daoine chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo, agus léirigh siad spéis ann freisin. Ar lá an agallaimh, áfach, bhraith siad nach raibh siad réidh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas le haghaidh cúiseanna difriúla. Eagraíodh dáta eile do na daoine sin agus dhiúltaigh duine amháin a bheith i láthair ar an dáta eile.

Ag tús gach agallaimh, sheiceáil an t-éascaitheoir d'fhonn a chinntiú go raibh gach duine fós ag iarraidh páirt a ghlacadh sa phróiseas. Cuireadh in iúl do rannpháirtithe go bhféadfaidís sos a ghlacadh nó an t-agallamh a fháil am ar bith.

### 2.4. Faisnéis a bhailiú

D'fhorbair an fhoireann comhairliúcháin treoir topaicí do na hagallaimh agus aighneachtaí scríofa i gcomhpháirt leis an Roinn. Bhí sé seo bunaithe ar na téamaí agus ceisteanna ginearálta a tháinig chun cinn sa suirbhé ar líne faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Bhí an treoir topaicí in úsáid mar chreat don phlé. Seo a leanas na príomhcheisteanna a bhí le freagairt i rith na n-agallamh:

- Céard í do thuairim faoin Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas?
- Céard iad na réimsí faoin Straitéis a mbaineann tábhacht leo i do shaol laethúil?
- Céard iad na trí ghníomhaíocht is tábhachtaí i do chás féin?
- Céard iad na dúshláin nó na bacainní atá ag cur isteach ortsa mar dhuine uathach in Éirinn?
- Céard iad na dúshláin agus na bacainní atá ag cur isteach ortsa mar dhuine uathach neamhlabhartha nó ar bheagán cainte in Éirinn?
- Céard a shíleann tú ba cheart a bheith ar eolas ag daoine faoi uathachas?
- Céard iad na trí theachtaireacht ar mhaith leat a bheith san áireamh i bhfeachtas poiblí faoi uathachas?

Cuireadh na ceisteanna in oiriúint do gach duine aonair.

Mhair gach agallamh idir 30 agus 90 nóiméad. I rith gach agallaimh, bhí ball foirne nó ball teaghlaigh i láthair chun tacaíocht bhreise a thabhairt don rannpháirtí.

Thug baill foirne agus a mbaill teaghlaigh a bhí ag glacadh páirte sa chomhairliúchán seo neart tacaíochta do na rannpháirtithe. Bhí ról lárnach ag eispéiris agus dearcthaí rannpháirtithe i ngach agallamh, fiú amháin nuair a bhí cabhair ag teastáil uathu ó dhaoine eile chun a chinntiú go raibh an méid a bhí á chur in iúl acu á thuiscint i gceart. Níor chuir tacadóirí a dtuairimí féin in iúl, seachas sin dhírigh siad ar dhearcthaí an rannpháirtí.

Chuir rannpháirtithe a ndearcthaí in iúl agus d'fhreagair siad ceisteanna ar roinnt bealaí difriúla:

- Creat Cainte[4] a úsáid chun na gníomhartha is tábhachtaí dóibh a léiriú (Tá Creat Cainte samplach le fáil in Aguisín 4)
- A bplean duinelárnach a roinnt[5] ina bhfuil a gcuid brionglóidí, mianta agus cuspóirí le fáil
- A bpas cumarsáide a roinnt[6] ina bhfuil faisnéis faoi na hábhair a bhfuil suim acu iontu, sainroghanna agus riachtanais thacaíochta chumarsáide
- Úsáid a bhaint as tacaíochtaí físiúla cosúil le grianghraif, siombailí agus líníochtaí
- Cumarsáid bhreisitheach agus mhalartach (CBM) a úsáid: mar shampla, tacaíochtaí físiúla cosúil le grianghraif agus siombailí, an teanga chomharthaíochta ar a dtugtar Lámh nó gléasanna cumarsáide
- Teimpléad scríofa a úsáid chun ceisteanna an chomhairliúcháin a fhreagairt
- Cabhair a fháil ó bhaill teaghlaigh agus foirne

Úsáideadh an leagan soléite den Straitéis Nuálaíochta um Uathachas i rith na n-agallamh agus mar bhonn leis an gCreat Cainte. Cuireadh an leagan soléite den Straitéis ar fáil do gach duine aonair agus dá dtacadóirí roimh an agallamh. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird na rannpháirtithe ar phríomhthuarascáil na Straitéise ionas go bhféadfaidís í a úsáid dá mba mhian leo.

I measc na sonraí a bailíodh bhí nótaí agus aighneachtaí scríofa, grianghraif agus anailís bunaithe ar chuimhne. Stóráladh na sonraí ar fad a bhain leis an tionscadal go slán agus de réir na mbeartas cosanta agus stórála sonraí.

Ní úsáidtear aitheantóirí pearsanta nó aitheantóirí eile sa tuarascáil seo. Úsáideadh cóid chun rannpháirtithe a shainaithint i rith na hanailíse sonraí. Stóráladh an fhaisnéis chódaithe ar leithligh ó na sonraí agus scriosadh í nuair a bhí an anailís críochnaithe. D'ullmhaigh cúntóir taighde nótaí agus d'athsheiceáil an príomhéascaitheoir iad d'fhonn a chinntiú nach raibh aon fhaisnéis sainaitheanta iontu.

Eagraíodh agus códaíodh na sonraí de láimh. Tiomsaíodh agus achoimríodh na príomhthorthaí.

---

[4] Is creat cumarsáide físiúil é Creat Cainte a thacaíonn le daoine a gcuid mothúchán agus dearcthaí a chur in iúl: tá tuilleadh faisnéise le fáil ag www.talkingmats.com.
[5] Tacaíonn agus cumasaíonn pleanáil dhuinelárnach duine chun roghanna eolasacha a dhéanamh faoin tslí is mian leis nó léi a s(h)aol a chaitheamh, anois agus amach anseo. Tacaíonn pleanáil dhuinelárnach le duine a c(h)uid brionglóidí, mianta agus cuspóirí a shainaithint, mar aon leis an méid atá riachtanach chun é sin a dhéanamh (FSS, 2018).
[6] Is bealach praiticiúil agus duinelárnach é pas cumarsáide chun príomhfhaisnéis maidir le daoine a bhfuil riachtanais chumarsáide dhifriúla acu agus nach bhfuil in ann labhairt ar a son féin go héasca a roinnt.

# 3. Na gníomhartha is tábhachtaí sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas

Níorbh fhéidir díriú ar gach gníomh atá le fáil sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas i rith na n-agallamh nó sna haighneachtaí scríofa. Roghnaigh an t-éascaitheoir roinnt réimsí agus gníomhartha ábhartha agus chuir sé iad seo i láthair chun iad a phlé agus a bhreithniú. Lena chois sin, tharraing rannpháirtithe agus a dtacadóirí aird ar cheisteanna agus ar ghníomhartha ar bhain tábhacht leo.

Tá ceithre cholún sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas. Eagraíodh an fhaisnéis a pléadh faoi gach ceann de na colúin seo chun na gníomhartha ar shíl an grúpa seo ar bhain an tosaíocht is airde leo a shainaithint. Bhí roinnt dearcthaí difriúla le tabhairt faoi deara i measc na seisear rannpháirtithe, fianaise ar a n-aois, dálaí cónaithe, leasanna pearsanta agus taithí saoil. Mhínigh rannpháirtí amháin go n-athraíonn tosaíochtaí le himeacht ama de réir mar a athraíonn riachtanais agus cúinsí.

Téama a tháinig chun cinn go minic i rith na n-agallamh agus sna haighneachtaí ná an tábhacht a bhain le héisteacht le daoine uathacha agus lena dteaghlaigh. Tharraing rannpháirtí amháin aird go háirithe ar an tábhacht a bhain le héisteacht le dearcthaí daoine uathacha neamhlabhartha nó ar bheagán cainte.

> “Tá neamhaird á tabhairt do, dearmad á dhéanamh ar, neamhshuim á déanamh de dhaoine neamhlabhartha le tréimhse rófhada agus níltear fiú ag dul i gcomhairle leo maidir le go leor gnéithe dá saol laethúil, na cineálacha tacaíochtaí a theastaíonn uathu chun barr a gcumais a bhaint amach, mar shampla, agus a bpleananna agus mianta don todhchaí.”

## 3.1 Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

Faoin gcolún seo, shainaithin rannpháirtithe na gníomhartha seo a leanas mar ghníomhartha a bhí tábhachtach dar leo:

- **Forbróimid feachtas chun cabhrú leis an bpobal uathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha chun an feachtas seo a dhearadh.**

Shainaithin na rannpháirtithe agus a dtacadóirí roinnt dúshlán a bhí le sárú acu mar gheall ar easpa tuisceana an phobail ar uathachas. I measc na samplaí bhí caitheamh le daoine amhail is gur páistí iad de bhrí go n-úsáideann siad modhanna cumarsáide difriúla; gan am a bheith acu chun faisnéis a phróiseáil; ganntanas faisnéise inrochtana; timpeallachtaí neamh-inrochtana agus/nó míshlachtmhara; ganntanas spásanna céadfacha nó ciúine; dímheas a bheith á léiriú; agus easpa tuisceana ar ‘iompar atriallach’.

Tharraing rannpháirtí amháin aird ar thrí phríomhghné chun sochaí níos ionchuimsithí a chruthú do dhaoine uathacha:

"Glacadh. Bíodh meas ag daoine ar ár n-intleacht. Tacaigh lenár modhanna cumarsáide difriúla."

Thug tacadóirí le fios go bhféadfadh steiréitíopaí maidir leis an uathachas go leor damáiste a dhéanamh, agus uaireanta go bhféadfadh an pobal freagairt go diúltach d'iarratais ar thacaíocht nuair a mhothaíonn duine uathach 'an-chorraithe', 'imníoch' nó 'nuair a bhíonn a m(h)íshuaimhneas á chur in iúl trí iompar'.

- **Tacóimid le clár oiliúna uathachais do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha. Beidh an clár oiliúna seo dírithe ar bhaill foirne atá ag obair d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus in eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta.**

Tharraing formhór na rannpháirtithe aird ar an tábhacht a bhain le foireann 'mhaith'. Thug siad le fios go dtacaíonn foireann 'mhaith' leo a gcuspóirí pearsanta a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh ina bpobail. Tá tuiscint mhaith ag na baill foirne seo orthu agus tá siad airdeallach ar a gcuid scileanna agus riachtanas. Thagair rannpháirtithe don chóras 'príomhoibrí' faoin ngníomh seo mar thacaíocht riachtanach do dhaoine aonair uathacha a bhfuil riachtanais tacaíochta chumarsáide acu.

Tríd is tríd, d'fháiltigh rannpháirtithe roimh chúrsaí oiliúna breise do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha, agus mhol beirt daoine aonair gur cheart cúrsaí oideachais faoi uirlisí agus cuir chuige chumarsáide dhifriúla a chur san áireamh.

- **Táimid ag iarraidh go mbeidh seirbhísí poiblí oiriúnach do dhaoine uathacha. Forbróimid cúrsa ríomhfhoghlama nua chun cabhrú le baill foirne san earnáil phoiblí foghlaim faoi uathachas agus míchumas eile.**

Chuir rannpháirtithe in iúl go láidir gur mhaith leo dá mbeadh seirbhísí poiblí ina bpobail oiriúnach do dhaoine uathacha. A gcuid foirgneamh a dhéanamh níos inrochtana, mar shampla; trí fhoghlaim faoi agus teacht ar thuiscint ar mhodhanna cumarsáide difriúla; agus trí theacht ar thuiscint ar uathachas agus meon dearfach a bheith acu maidir leis.

Rinne rannpháirtithe agus a dtacadóirí cur síos ar chuid de na dúshláin chumarsáide a bhíonn le sárú acu nuair a úsáideann siad seirbhísí poiblí agus dúirt siad go bhfáilteoidís roimh aon fheabhsú sa chomhthéacs seo. Tharraing tacadóirí aird ar an ngá a bhí le seirbhísí poiblí chun teacht ar thuiscint ar na riachtanais thacaíochta dhifriúla a d'fhéadfadh a bheith ag duine uathach, i ndáil le cumarsáid nó iompar mar shampla.

## 3.2. Colún 2: Cothroime rochtana ar sheirbhísí poiblí

- **Taispeánfaimid gur cuid den Dearadh Uilíoch iad riachtanais daoine uathacha.**

Thug rannpháirtithe le fios go n-úsáideann siad raon leathan áiteanna agus seirbhísí ina bpobail áitiúla, lena n-áirítear siopaí, bialanna, pictiúrlanna, páirceanna, ionaid fóillíochta, tránna agus foirgnimh phoiblí. Chuir an grúpa seo in iúl go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh a leithéid d'áiteanna ag tabhairt airde ar chleachtais an Dearaidh Uilíoch.

Bhí riachtanais soghluaisteachta bhreise ag cuid de na rannpháirtithe. Thagair na rannpháirtithe ar fad dá riachtanais chéadfacha in áiteanna poiblí. I measc na bpríomhdhúshlán bhí timpeallachtaí torannacha; áiteanna gnóthacha ina mbíonn daoine róghar dá chéile; scuainí fada; spásanna míshlachtmhara; easpa solais nó aeir úir; bolaithe; easpa leithreas inrochtana; agus easpa spásanna páirceála inrochtana.

Lena chois sin, thagair beirt daoine aonair don ghá a bhí le foirgnimh seirbhíse lae a dhearadh ar bhealach níos fearr chun freastal ar riachtanais daoine uathacha.

Mhínigh rannpháirtí amháin gurb é an Dearadh Uilíoch an rud is tábhachtaí i ndáil le neamhspleáchas agus rialú a chumasú do dhaoine uathacha.

- **Tacóimid le pleananna d'áiteanna foghlama ina gcuirtear fáilte roimh gach duine agus ina bhfuil gach duine á chur san áireamh.**

Bhí taithí ag beirt rannpháirtithe ar fhreastal ar ionaid oideachais lasmuigh dá seirbhís lae nó chónaithe. Bhain siad taitneamh as sin agus ba mhaith leo é a fhiosrú tuilleadh amach anseo.

Mhínigh rannpháirtí amháin go bhfuil gá le tacaíochtaí oiriúnacha chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí uathacha agus ag daoine óga ar chúrsaí oideachais "ón uair a bhfaightear diagnóis, sa bhunscoil agus sa mheánscoil, le cóiríochtaí aonair a bhaineann go sonrach le huathachas do scrúduithe stáit, agus diantacaíocht shonrach ag an tríú leibhéal". Mhol an rannpháirtí sin go mbeadh rochtain ag leanaí agus ag daoine óga ar "shocrúcháin oideachais oiriúnacha, bunaithe ar riachtanais an mhic léinn aonair, seachas cur chuige 'den toise céanna do gach duine' agus cur chuige bunaithe ar 'ghlac leis an méid a fhaigheann tú'".

- **Díreoimid ar thacaíochtaí do dhaoine uathacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais.**

Tá cuid de na rannpháirtithe ag obair ar mhodúil oideachais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ) laistigh dá seirbhís lae. Tá duine aonair i mbun cúrsa ina p(h)obal féin. Thug an duine sin le fios gur spéis leis nó léi rudaí nua a fhoghlaim agus gur mhaith leis nó léi dá mbeadh níos mó deiseanna ann chun é sin a dhéanamh agus díriú ar na réimsí a bhfuil spéis acu iontu faoi láthair freisin. I measc na réimsí

spéise ar tagraíodh dóibh bhí garraíodóireacht, ealaín, potaireacht, aireachas, Taidh Tsí, ióga, siúl, an dúlra agus ceol.

Tá rannpháirtí amháin ag obair ar cháilíocht tríú leibhéal a bhaint amach. Tharraing an rannpháirtí sin aird ar na dúshláin atá le sárú aige nó aici sa suíomh seo.

> "Tá mo chumas cruthaithe agam, tá céadonóracha faighte agam i ngach ábhar go dtí seo, ach bíonn mé ag streachailt le gnéithe áirithe den chúrsa, agus tá mé féin agus mo léachtóirí foighneacha gan taithí sa chomhthéacs seo!"

Ainneoin gur léirigh rannpháirtithe go leor spéise san oideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ní raibh mórán spéise acu i bhfostaíocht nó i ngairmoiliúint. Seans go mbaineann sé seo le taithí saoil agus le hionchais daoine, nó leis na héilimh a chreideann siad a bheadh ag baint le deiseanna fostaíochta.

> "Ní féidir le duine cosúil liomsa tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta i ndáiríre, ní deiseanna fostaíochta traidisiúnta ar aon chuma, ach ba bhreá liom dá mbeadh mo chuid airgid féin á thuilleamh agam."

- **Tacóimid le daoine uathacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.**

Is úsáideoirí seirbhísí lae iad formhór na rannpháirtithe. Tá cónaí ar bheirt rannpháirtithe i dtithe cónaithe. Tá beirt daoine as an gceathrar daoine atá ina gcónaí sa bhaile ag baint úsáid as seirbhís faoisimh. Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil na seirbhísí seo an-tábhachtach agus go dtacaíonn siad leo chun taitneamh a bhaint as caighdeán beatha atá go maith.

Tharraing beirt daoine aonair aird ar an easpa rochtana ar thacaíochtaí ildisciplíneacha, fisiteiripe agus teiripe shaothair go háirithe.

Tharraing rannpháirtí amháin aird ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag daoine uathacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte poiblí.

> "Ní raibh na seirbhísí sláinte in ann tacú liom ar bhealach oiriúnach riamh. Fiafraíodh de mo Mháthair uair amháin 'céard a bhí mícheart liom' nuair nach raibh mé in ann fanacht i mo shuí go ciúin do scrúdú súl, agus d'íocamar as fiaclóir príobháideach roinnt uaireanta de bhrí go raibh liosta feithimh dhá bhliain ann don fhiaclóir do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, ainneoin go raibh easpa oscailte agam agus go raibh mé i bpian uafásach. Ar ámharaí an tsaoil, is duine sláintiúil mé go ginearálta, ach tá seirbhísí sláinte tuisceanacha ag teastáil ón oiread sin daoine eile, seirbhísí a chuirtear ar fáil go tapa sula dtéann fadhbanna ó smacht, a bhíonn mar bhonn le fadhbanna iompair agus eisiamh ó ghníomhaíochtaí a thaitníonn linn."

- **Tacóimid le leanaí agus le daoine fásta uathacha chun na seirbhísí meabhairshláinte cearta a fháil.**

Thagair duine amháin don tábhacht a bhaineann le tacaíochtaí síceolaíocha rialta ar mhaithe lena f(h)olláine. Fuair an duine sin na tacaíochtaí sin óna s(h)oláthraí seirbhíse. Thacaigh baill teaghlaigh nó baill foirne le roinnt rannpháirtithe chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtacaíochtaí ar mhaithe lena bhfolláine mheabhrach: ióga, aireachas, Taidh Tsí, snámh agus am a chaitheamh sa dúlra mar shampla.

Mhínigh beirt nuair a bhíonn siad imníoch nó faoi bhrú gur féidir leo labhairt le ball foirne, síceolaí nó síciatraí. Ní raibh aon rochtain ag daoine aonair eile ar thacaíocht ghairmiúil ó sheirbhísí meabhairshláinte ach ba mhaith leo dá mbeadh a leithéid de sheirbhísí ar fáil dá mbeidís ag teastáil uathu.

- **Cuirfimid obair i gcrích chun tacaíochtaí teiripe níos fearr a chur ar fáil do leanaí uathacha.**

Tharraing rannpháirtí amháin aird ar an ngá a bhí le diagnóis agus idirghabháil luath agus rochtain níos fearr ar thacaíochtaí teiripe do leanaí uathacha.

> "Is ionann straitéis agus plean, agus le haghaidh fhormhór mo shaoil is beag pleanála a bhí á déanamh, ainneoin go bhfuair mé mo dhiagnóis ag aois óg. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhiagnóis luath a bhfuil idirghabháil luath ag tacú léi, le seirbhísí cosúil le teiripe urlabhra, teiripe shaothair, teiripe iompraíochta, agus i mo chás féin, CBM [Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach], ar fáil go cinnte...D'athraigh mo chuid riachtanas agus an dul chun cinn a rinne mé i gcaitheamh na mblianta, agus bheadh tairbhe bainte agam as athbhreithnithe rialta, agus ó na gairmithe a bhí ar fáil go príomha chun déileáil le géarchéim dá mbeidís ar fáil chun comhrá a bheith acu liomsa agus le mo thuismitheoirí agus éisteacht linn ag cur síos ar ár n-eispéiris, agus tacaíocht a chur ar fáil sna réimsí a shainaithníomar agus a bhí ag teastáil uainn."

Ainneoin gur fháiltigh formhór na rannpháirtithe roimh ionchur ó na gairmithe, chuir roinnt rannpháirtithe agus a dtacadóirí in iúl gur ábhar frustrachais iad na samhlacha de sholáthar teiripe a bhí in úsáid faoi láthair agus an ganntanas tacaíochta comhsheasmhaí do leanaí agus do dhaoine fásta. Ba mhaith leo go mbeadh níos mó plé á dhéanamh idir gairmithe, daoine uathacha agus a dteaghlaigh faoi na cineálacha seirbhísí agus tacaíochtaí a theastaíonn uathu.

- **Leanfaimid lenár bplean do rochtain níos fearr ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a rolladh amach. Cinnteoimid go mbeidh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas níos duinelárnaí.**

I rith an phlé a bhain leis an ngníomh seo leagadh an phríomhbhéim ar phleananna duinelárnacha agus ar chuspóirí pearsanta. Theastaigh ó na rannpháirtithe go mbeadh a seirbhís míchumais ag tacú leo chun a gcuspóirí a shocrú agus a chomhlíonadh, agus chun an cineál saoil is mian leo a chaitheamh. Tharraing siad aird ar an tábhacht a bhaineann lena roghanna agus cinntí féin a dhéanamh, agus rochtain a bheith acu ar thacaíochtaí aonair seachas gníomhaíochtaí grúpa.

- **Cinnteoimid go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil soiléir agus inrochtana, mar shampla faisnéis faoi sheirbhísí agus faoi thacaíochtaí uathachais.**

Bhí scileanna litearthachta ag beirt rannpháirtithe. Braitheann na rannpháirtithe eile ar fhaisnéis atá ar fáil i bhformáidí inrochtana chun faisnéis a fháil agus cinntí a dhéanamh, cosúil le tacaíochtaí físiúla, faisnéis sholéite, físeáin, seónna raidió agus teilifíse. Ba mhaith leo dá mbeadh níos mó faisnéise ar fáil sna formáidí seo, faisnéis físeáin go háirithe.

- **Tá gníomhartha forbartha againn chun a chinntiú gur féidir le daoine uathacha cineálacha éagsúla modhanna iompair a úsáid.**

Tharraing rannpháirtithe ó shuíomhanna tuaithe aird ar an dúshlán a bhaineann le roghanna iompair phoiblí teoranta i gceantair thuaithe agus iargúlta. Chomh maith leis sin, tharraing siad aird ar roghanna iompair teoranta i seirbhísí lae agus cónaithe mar bhacainn shuntasach ar dheis a thabhairt do dhaoine uathacha páirt a ghlacadh ina bpobail.

Seachnaíonn cuid de na rannpháirtithe modhanna iompair phoiblí de bhrí go mbíonn siad róghnóthach, bréan agus neamhiontaofa. Mhínigh rannpháirtithe eile nach féidir leo modhanna iompair phoiblí a úsáid ach amháin má tá duine éigin ar fáil chun tacú leo. Chuir beirt rannpháirtithe in iúl gur mhaith leo modhanna iompair poiblí a úsáid go neamhspleách agus go mbeadh níos mó oiliúna taistil ag teastáil chun é seo a éascú. Mhol siad an tseirbhís a bhí á tairiscint ag Bus Átha Cliath agus ba mhaith leo dá mbeadh níos mó tionscnamh mar seo ar fáil. Mhol tacadóirí go mb’fhéidir go mbainfeadh baill foirne na modhanna iompair poiblí tairbhe as oiliúint feasachta ar uathachas.

### 3.3. Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

- **Táimid ag iarraidh go mbeidh ionaid chultúrtha inrochtana agus oiriúnach do dhaoine uathacha, mar shampla músaeim agus dánlanna.**

Thug ceathrar de na seisear rannpháirtithe le fios gur mhaith leo cuairt a thabhairt ar níos mó áiteanna cultúrtha. Ba mhaith leo go mbeadh na háiseanna sna háiteanna seo chomh hidirghníomhach agus a d'fhéadfaidís a bheith. Ba mhaith leo go mbeadh faisnéis ar fáil i bhformáidí inrochtana. Chuirfí an-fháilte roimh spásanna ciúine ag na suíomhanna seo freisin. Tharraing tacadóirí aird ar an tábhacht a bhain le himeachtaí agus taibhithe oiriúnacha do dhaoine uathacha in ionaid cosúil le pictiúrlanna agus amharclanna.

- **Tacóimid le daoine uathacha chun leabharlanna poiblí a úsáid. Cuirfimid riachtanais daoine uathacha san áireamh nuair a bheidh leabharlanna poiblí á ndearadh againn.**

Bhí spéis ag roinnt rannpháirtithe sa leabharlann phoiblí a úsáid ach ní raibh spéis ag rannpháirtithe áirithe eile sa leabharlann phoiblí a úsáid. Ní raibh aon taithí ag beirt rannpháirtithe ar chuairt a thabhairt ar leabharlann ach chuir siad in iúl gur mhaith leo cuairt a thabhairt ar leabharlann.

Dúirt rannpháirtí amháin gur mhaith leis nó léi dá mbeadh leabhair ghrianghraf nó leabhair phictiúr oiriúnach do dhaoine fásta le fáil sa leabharlann. Chomh maith leis sin, dúirt an rannpháirtí gur mhaith leis nó léi foghlaim conas ríomhairí a úsáid sa leabharlann, no freastal ar ranganna sa leabharlann.

Thacaigh formhór na rannpháirtithe leis an smaoineamh a bhain le seomraí ciúine agus céadfacha a bheith ar fáil sa leabharlann. Mhínigh rannpháirtí amháin, ag a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta, go bhfuil sé an-éasca dul isteach sa leabharlann in aice lena (h)áit chónaithe agus í a úsáid.

- **Cinnteoimid go mbeidh tacaíocht ar fáil do dhaoine uathacha agus go mbeidh deis acu páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt.**

Bhí roinnt rannpháirtithe ag glacadh páirte gníomhaí i spóirt aonair agus ionchuimsitheacha cheana féin. Chuir siad in iúl gur mhaith leo leanúint ar aghaidh leis seo agus gur mhaith leo triail a bhaint as spóirt nua agus cineálacha aclaíochta nua. Mhínigh rannpháirtí amháin nach nglacann sé nó sí páirt in imeachtaí spóirt ach gur maith leis nó léi a bheith ag breathnú ar imeachtaí spóirt, imeachtaí beo agus imeachtaí ar an teilifís. Ba bhreá leis an rannpháirtí dá mbeadh daoine uathacha á spreagadh chun freastal ar imeachtaí spóirt agus dá mbeadh clubanna spóirt áitiúla ag fáiltiú rompu, cosúil le clubanna CLG. Tharraing roinnt rannpháirtithe aird ar an bpointe gur cheart go mbeifeá in ann é seo a dhéanamh mar thacadóir fiú mura bhfuil fonn ort páirt

a ghlacadh. B'fhéidir go bhféadfaí scileanna malartacha a thairiscint do na clubanna agus cumainn seo: mhol rannpháirtí amháin, mar shampla, cabhrú i siopa nó caifé an chlub.

### 3.4. Colún 4: Fothú acmhainneachta agus féinabhcóideachta

Shainaithin rannpháirtí amháin Colún 4 mar cholún a bhí "an-tábhachtach dá t(h)odhchaí". Tharraing an rannpháirtí sin aird ar shuntas na teicneolaíochta agus an taighde i gcomhthéacs daoine uathacha atá neamhlabhartha nó ar bheagán cainte.

> "Tá súil agam go gcabhróidh torthaí an taighde atá déanta faoi láthair ar chumas ceilte agus teangeolaíoch daoine uathacha neamhlabhartha chun deireadh a chur leis na bacainní atá le sárú agamsa mar dhuine uathach in Éirinn sa lá inniu ann."

- **Déanfaimid taighde ar na bealaí is fearr chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil do dhaoine uathacha nach bhfuil ar a gcumas labhairt le daoine eile.**

Thuairiscigh na rannpháirtithe ar fad gur bhain siad úsáid as seirbhísí poiblí. Bhí taithí acu ar fad le roinnt dúshlán agus dúirt siad gur mhaith leo a bheith in ann na seirbhísí seo a úsáid ar bhealach níos neamhspleáiche. D'fháiltigh siad roimh an smaoineamh go mbeadh scrúdú á dhéanamh ar riachtanais daoine uathacha neamhlabhartha. Bhí smaointe ag na rannpháirtithe maidir le hathruithe dearfacha ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear: níos mó faisnéise físeáin; faisnéis chlóite i bhformáidí a oireann níos fearr do dhaoine uathacha (priontáilte ar pháipéar neamhlonrach neasbháin agus clófhoirne ar leith a úsáid mar shampla); ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine uathacha in íomhánna; agus úsáid a bhaint as Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach.

- **Déanfaimid taighde i dteannta le daoine uathacha chun féachaint ar sheirbhísí do dhaoine a dteastaíonn tacaíochtaí éigeandála agus seirbhísí faoisimh uathu.**

Úsáideann cuid de na rannpháirtithe seirbhísí faoisimh go rialta. Bhí siad an-sásta leis na seirbhísí sin agus bhain siad taitneamh as na tréimhsí a chaith siad ag fanacht iontu. Ba mhaith leo tairbhe a bhaint as níos mó tréimhsí faoisimh dá bhféadfaí, agus samhlacha faoisimh difriúla: sosanna gairide, faoiseamh in áiteanna difriúla agus níos mó tacaíochtaí aonair, mar shampla.

### 3.5. Gníomhartha tosaíochta

Fiafraíodh de gach rannpháirtí trí ghníomh nó shaincheist a roghnú ar mhaith leo a ndéanfaí dul chun cinn ina leith. Seo a leanas na freagraí a fuarthas:

**Rannpháirtí 1 – fear sna 60idí**

- Cinnteoimid go mbeidh tacaíocht ar fáil do dhaoine uathacha agus go mbeidh deis acu páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt.

- Déanfaimid taighde i dteannta le daoine uathacha chun féachaint ar sheirbhísí do dhaoine a dteastaíonn tacaíochtaí éigeandála agus seirbhísí faoisimh uathu.
- Leanfaimid lenár bplean do rochtain níos fearr ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a rolladh amach. Cinnteoimid go mbeidh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas níos duinelárnaí.

**Rannpháirtí 2 – bean sna 20idí**

- Díreoimid ar thacaíochtaí do dhaoine uathacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais.
- Cinnteoimid go mbeidh tacaíocht ar fáil do dhaoine uathacha agus go mbeidh deis acu páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt.
- Taispeánfaimid gur cuid den Dearadh Uilíoch iad riachtanais daoine uathacha.

**Rannpháirtí 3 – fear sna 40idí**

- Díreoimid ar thacaíochtaí do dhaoine uathacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais.
- Tacóimid le daoine uathacha chun leabharlanna poiblí a úsáid. Cuirfimid riachtanais daoine uathacha san áireamh nuair a bheidh leabharlanna poiblí á ndearadh againn.
- Tacóimid le clár oiliúna uathachais do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha. Beidh an clár oiliúna seo dírithe ar bhaill foirne atá ag obair san FSS agus in eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta.

**Rannpháirtí 4 – bean sna 60idí**

- Tacóimid le clár oiliúna uathachais do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha. Beidh an clár oiliúna seo dírithe ar bhaill foirne atá ag obair san FSS agus in eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta.
- Tacóimid le leanaí agus le daoine fásta uathacha chun na seirbhísí meabhairshláinte cearta a fháil.
- Ba mhaith leis an rannpháirtí seo dá mbeadh níos mó gníomhartha faoi thacaíochtaí cumarsáide do dhaoine uathacha.

**Rannpháirtí 5 – aosach óg fireann**

- Tacóimid le clár oiliúna uathachais do bhaill foirne atá ag obair le daoine uathacha. Beidh an clár oiliúna seo dírithe ar bhaill foirne atá ag obair

d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus in eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta.

- Taispeánfaimid gur cuid den Dearadh Uilíoch iad riachtanais daoine uathacha.
- Forbróimid feachtas chun cabhrú leis an bpobal uathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha chun an feachtas seo a dhearadh.

**Rannpháirtí 6 – aosach óg fireann**

- Díreoimid ar thacaíochtaí do dhaoine uathacha ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoideachais agus ardoideachais.
- Déanfaimid taighde ar na bealaí is fearr chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil do dhaoine uathacha nach bhfuil ar a gcumas labhairt le daoine eile.
- Forbróimid feachtas chun cabhrú leis an bpobal uathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha chun an feachtas seo a dhearadh.

## 4. An méid ba cheart a bheith ar eolas ag an bpobal faoi uathachas

Shíl rannpháirtithe áirithe go raibh an cheist seo beagán teibí, agus bhí roinnt cúnaimh ag teastáil uathu óna dtacadóirí chun príomhtheachtaireachtaí a shainaithint d'fheachtas poiblí. D'úsáid roinnt rannpháirtithe a bplean duinelárnach nó a bpas cumarsáide chun na dúshláin a bhíonn le sárú acu agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu a mhíniú. Maidir le rannpháirtithe eile, tháinig na príomhtheachtaireachtaí chun solais le linn dóibh a gCreat Cainte a fhorbairt, trí phlé a dhéanamh ar na réimsí agus gníomhartha difriúla sa Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Chuir beirt rannpháirtithe agus a dtacadóirí in iúl gur ábhar frustrachais iad na steiréitíopaí a bhaineann le huathachas, agus mhínigh siad go dtacaíonn a leithéid le míthuiscint, ionchais ísle nó mhíréalaíocha maidir leis an méid is féidir le daoine uathacha a dhéanamh, agus tuairimí blasé maidir leis an uathachas.

Leag rannpháirtí amháin béim ar an méid seo a leanas, "ní leor feasacht, ba cheart dúinn díriú ar ghlacadh".

Mhol tacadóirí gur cheart d'fheachtas poiblí díriú ar chearta an duine; ar rudaí praiticiúla is féidir leis an bpobal a dhéanamh chun tacú le daoine uathacha; agus ar fheasacht ar uathachas a mhéadú go ginearálta. Ba cheart go dtacódh sé le caoinfhulaingt agus le héagsúlacht i ngach gné den saol.

Chomhaontaigh na rannpháirtithe gur cheart go mbeadh feachtas poiblí á dhearadh agus á stiúradh ag daoine uathacha, agus gur cheart go nglacfadh daoine uathacha agus a gcairde, baill teaghlaigh agus daoine eile a bhfuil ról tábhachtach acu ina saol páirt ann. Chomhaontaigh gach duine gur cheart go mbeadh ról ag daoine uathacha atá neamhlabhartha nó ar bheagán cainte san fheachtas agus gur cheart aird a tharraingt ar na foirmeacha éagsúla cumarsáide a úsáideann daoine uathacha.

Is fianaise iad na teachtaireachtaí seo a leanas ar dhearcthaí na rannpháirtithe agus achoimre ar a smaointe maidir leis na príomhtheachtaireachtaí ba cheart a bheith mar bhonn le feachtas poiblí faoi uathachas:

- "Ní fheicimse rudaí mar a fheiceann tusa rudaí. Bain triail as tamall a chaitheamh ag siúl i mo bhróga agus na rudaí a fheicimse a fheiceáil."
- "Éistimid agus tuigimid, tá mothúcháin againn mar aon le tuairimí agus léargas luachmhar le roinnt ónár ndearcadh uathúil ar an domhan."
- "Ainneoin nach bhfuil an cumas agam labhairt amach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil aon rud le rá agam nó nach dtuigim rudaí."
- "Ba cheart a thuiscint gur daoine éirimiúla muid; ní hionann neamhlabhairt agus neamhsmaoineamh."

- "Tá mé ag iarraidh labhairt le daoine, ach ní mór mo bhealach cainte a fhoghlaim."
- "Is féidir liom mo roghanna agus mo chinntí féin a dhéanamh cé nach mbím ag caint."
- "Ná labhair fúinn mar nach féidir linn sibh a chloisteáil, ná déan cinntí gan cúrsaí a phlé linn, ná cuir muid as an áireamh i rith tréimhsí ina dteipeann orainn ár n-iompar a rialú nó nuair a bhíonn fadhbanna céadfacha againn. Seans go mbeidh tú míchompordach nó go mbeidh náire ort, ach is cuid lárnach dínn a leithéid, cuid de shaol an duine a bhfuil uathachas air nó uirthi."
- "Ná cuir deifir orm. Tabhair deis dom faisnéis a phróiseáil, freagairt di agus déileáil léi."
- "Is mian liom rudaí a dhéanamh ag mo luas féin."
- "Tabhair spás pearsanta dom. Ní maith liom nuair a bhíonn daoine nach bhfuil aithne agam orthu i mo spás pearsanta."
- "Fiafraigh díom sula leagann tú lámh orm. Uaireanta, ní maith liom nuair a leagann duine lámh orm."
- "B'fhéidir go dtógfaidh sé roinnt ama dom aithne a chur ort, freagairt duit agus cinneadh a dhéanamh maidir le más maith liom thú nó nach maith."
- "Ba cheart caitheamh le gach duine go measúil."
- "Caith liom cosúil le duine fásta seachas leanbh."
- "Ní thaitníonn athrú liom."
- "Is duine uathach mé, ach taitníonn eispéiris nua liom agus is maith liom cuairt a thabhairt ar áiteanna nua. Tá gach duine difriúil."
- "Is daoine ar leith gach duine againn."
- "Tá cuspóirí tábhachtacha le comhlíonadh agam i rith mo shaoil."
- "Tá mé ag iarraidh go mbeidh foirgnimh agus áiteanna inrochtana ionas gur féidir liom a bheith chomh neamhspleách agus is féidir."
- "Is duine uathach mé, ach is duine an-sóisialta mé agus is maith liom a bheith i gcomhluadar daoine."
- "Sílimse go bhfuil rudaí áirithe an-tábhachtach ach b'fhéidir go gceapfá go bhfuil na rudaí sin seafóideach. Bíodh meas agat ar na rudaí a thaitníonn liom agus ar mo shainroghanna."
- "Ní ithim cineálacha áirithe bia. Ná cuir brú orm bia nach dtaitníonn liom a ithe."

- “Uaireanta b’fhéidir go ndéarfaidh mé leat go bhfuil mé trína chéile nó míshásta trí m’iompar.”
- “Nuair a shiúlaim isteach ionat, déanaim é sin de bhrí go bhfuil mé dírithe ar rud éigin eile a dhéanamh. Níl sé i gceist agam neamhaird a thabhairt ort nó tú a ghortú.”
- “Déan iarracht teacht ar thuiscint ar an gcaoi a mhothaíonn tú nuair a bhíonn tú trína chéile agus imníoch nuair a bhíonn mearbhall ort de bhrí go bhfuil an iomarca faisnéise i do chloigeann.”
- “Uaireanta bíonn spás ag teastáil uaim chun ‘sos a ghlacadh’ agus mo scíth a ligean. B’fhéidir go mbeadh tú den tuairim nach bhfuil dada á dhéanamh agam, ach tá scíth á thabhairt agam do m’inchinn.”
- “Tá mé an-sásta an chuid is mó den am.”
- “Is breá liom a bheith ag foghlaim.”
- “Tá roinnt caidrimh agus cairdis láidir bunaithe agam, agus is féidir liom a bheith an-ghrámhar i gcomhluadar daoine a thaitníonn liom.”

## 5. Conclúid

Tá sé fíorthábhachtach daoine aonair a dhéanann cumarsáid ar bhealaí difriúla a chur san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, chun é seo a dhéanamh ar bhealach fiúntach, nach mór go mbeadh an cur chuige agus an t-amfráma solúbtha chun a chinntiú gur féidir le gach duine páirt iomlán a ghlacadh ann agus go mbíonn eispéireas gach duine dearfach.

Thug baill teaghlaigh agus baill foirne a bhí ag glacadh páirte sa chomhairliúchán seo neart tacaíochta do na rannpháirtithe. Bhí ról lárnach ag  n-eispéiris agus dearcthaí i ngach agallamh, fiú amháin nuair a bhí cabhair ag teastáil uathu ó dhaoine eile chun a chinntiú go raibh an méid a bhí á chur in iúl acu á thuiscint i gceart. Níor chuir tacadóirí a dtuairimí féin in iúl, seachas sin dhírigh siad ar dhearcthaí an rannpháirtí.

Tríd is tríd, d'fháiltigh rannpháirtithe roimh an deis páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Ní raibh ach taithí theoranta, nó ní raibh taithí ar bith, ag formhór acu ar pháirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin ach bhí fonn orthu a léargas agus a n-eispéiris féin a roinnt. Ghlac siad páirt ghníomhach sna modheolaíochtaí difriúla a thacaigh leo chun é seo a dhéanamh, roinn siad dearcthaí agus tuairimí luachmhara. Shainaithin siad réimsí agus gníomhartha tosaíochta go soiléir, agus mhol siad príomhtheachtaireachtaí d'fheachtas poiblí faoi uathachas.

> "Go raibh maith agat as an deis seo páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. Go raibh maith agat as guth daoine neamhlabhartha cosúil liomsa a chur san áireamh...Forbair plean den straitéis seo amach anseo, plean do thodhchaí níos fearr ina mbeidh na cearta agus na deiseanna céanna ag daoine uathacha cosúil liomsa agus atá ag mo phiaraí neamhuathacha."

Leag rannpháirtithe agus tacadóirí béim ar an ngá a bhí le comhoibriú idir Ranna Rialtais difriúla maidir leis na gníomhartha sa Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. Mhol siad go dtabharfadh Ranna Rialtais "cluas éisteachta don duine agus dá t(h)eaghlach. Ná déan dada a bhaineann linn gan muid a chur san áireamh, le do thoil".

# 6. Aguisíní

## Aguisín 1 – Foirm um léiriú spéise

**The Draft Autism Innovation Strategy Interest Form**

This is an interest form for the consultation on the draft Autism Innovation Strategy.

Please read the information leaflet about the consultation.

If you want, you can ask someone to read the leaflet and form with you.
Look at each sentence on the form and answer yes or no.

It should be your choice to take part or not.
If you decide to take part, please sign the form.

| | Yes | No |
|---|---|---|
| I have been given information about the consultation. | ☐ | ☐ |
| I understand this information. | ☐ | ☐ |
| I know it is my choice to take part or not. | ☐ | ☐ |
| I know it is okay to say no or to change my mind at any time. | ☐ | ☐ |
| I know I will be asked for my views on the draft Autism Innovation Strategy. | ☐ | ☐ |


**The Draft Autism Innovation Strategy Interest Form**

I would like to take part in the consultation on the draft Autism Innovation Strategy.

**Sign your name:**

**Date:**

## Aguisín 2 – Bileog faisnéise sholéite




An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

### Have your say on the draft Autism Innovation Strategy

Plan

easy read


This is Easy to Read information about a consultation.



### What is the Draft Autism Innovation Strategy?

| | |
|---|---|
| Plan | The draft Autism Innovation Strategy is a plan.<br>Draft means that the plan can change. |
| | This plan is about making good changes for autistic people and their families in Ireland. |
| | We want autistic people to have the same rights as everyone else. |
| | We want autistic people to be able to live the life they choose. |


1



### What is the Draft Autism Innovation Strategy?

| | |
|---|---|
| | The Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth are putting this Strategy together. |
| | This information leaflet is about a consultation.<br>A consultation is when you ask people for their views. |
| | The Department would like to hear what autistic people think about the draft Autism Innovation Strategy. |

2





### Getting your views on the National Disability Strategy

| | |
|---|---|
| Plan | What do you think of the draft Autism Innovation Strategy? |
| 1 2 3 | What parts of the Strategy are most important to you? |
| | What do you think people should know about autism? |
| | We would like to hear your views and ideas. |

3

## The Consultation

| | |
|---|---|
|  | We want to talk to autistic people in different parts of the country. |
|  | We want to talk to people that communicate in different ways. |
|  | You will have an interview with the researcher.<br>You can have a staff or family member to support you if you want. |
| 30 Minutes | The interview will be at a time and place that suits you.<br>It will last around 30 minutes. |

4

## The Consultation

| | |
|---|---|
|  | If you are interested in taking part, please fill in the interest form. |
| ACE | Send the form to acecommunicationireland@gmail.com |
| i | If you would like more information, you can contact Teresa Gadd<br>085 141 0933<br>acecommunicationireland@gmail.com |
|  | You can change your mind at any time about taking part.<br>You can leave the interview at any point. |

5

## The Consultation




There will be a report at the end of the consultation.
Your name will not be in the report.




We can send you a copy of the report if you want.

6

## For more information




There is more information on the Autism Innovation Strategy and the consultation at:
https://www.gov.ie/en/consultation/f7f8d-public-consultation-on-the-autism-innovation-strategy/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

ACE

Photo Symbols®

## Aguisín 3 – Bileog faisnéise i mBéarla simplí

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

### Have your say on the draft Autism Innovation Strategy




This is Plain English information about a consultation.

### What is the Draft Autism Innovation Strategy?

The Draft Autism Innovation Strategy is a plan.
Draft means that the plan can change.

This plan is about improving the lives of autistic people and their families in Ireland.

We want a country where autistic people have the same rights and opportunities as everyone else.

The Autism Innovation Strategy can make a difference to the lives of autistic people.

The Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth are putting the Strategy together.

This information leaflet is about a consultation.
A consultation is when you ask people for their views.

1

### Getting your views on the National Disability Strategy

The Department would like to hear the views of autistic people that communicate in different ways.

What do you think of the Draft Autism Innovation Strategy?

What parts of the Strategy are most important to you?

What do you think people should know about autism?

2

### The Consultation

We want to talk to autistic people in different parts of the country.

You can give your views in an interview.

The interview can be at a time and place that suits you.
It will last between 30 minutes and 1 hour.

You can communicate your views in whatever way you choose.

If you are interested in taking part, please fill in the interest form.

You can change your mind at any time about taking part.
You can leave the interview at any point.

3

## The Consultation

Send the form to acecommunicationireland@gmail.com

If you would like more information, you can contact Teresa
085 141 0933
acecommunicationireland@gmail.com

There will be a report at the end of the consultation.
Your name will not be in the report.

We can send you a copy of the report if you want.

4

## For more information




There is more information on the Autism Innovation Strategy and the consultation at:
https://www.gov.ie/en/consultation/f7f8d-public-consultation-on-the-autism-innovation-strategy/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

## Aguisín 4 – Creat Cainte samplach

